


Iascairí gan obair

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi iascairí atá fágtha gan obair agus gan airgead. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Béarla a chur ar na focail sa bhosca thíos?

faoi chúram an Stáit	go mídhleathach	
tuarastal	visa idirthurais	calafort
Cónaidhm	ionad coinneála	
ceadúnas	an chumhacht	
	dóthain monatóireachta	
Gníomhaireachtaí Stáit	gáinneáil ar dhaoine	
	Seirbhísí Cosanta	



Breathnaí gí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2

Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cé as na fir atá i gcúram Stáit?
2. Cén fáth a bhfuil siad i gcúram Stáit?
3. Cad iad na calafoirt as a raibh siad ag obair?
4. Conas a tháinig *North Coast Trawlers* i dtír ar na fir?
5. Cad a bhí le rá ag Ken Fleming faoin scéal?
6. An bhfuil aon bhaint ag na Gardaí leis an scéal?

Ceist 3 ‘...Ó dheireadh mhí Eanáir...’

Féach ar an sampla thuas agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘deireadh’?
2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘mí’?
3. Scríobh amach míonna na bliana.
4. Scríobh amach míonna na bliana arís ach leis an bhfocal ‘mí’ rompu agus déan cibé athrú is gá.
5. Cuir an cheist seo ar an duine in aice leat: ‘Cén lá breithe atá agat? Bíodh an struchtúr thíos in bhur gcuid freagraí:

An seachtú lá is fiche de mhí an Mheithimh

Ceist 4 ‘...ceathrar fear...’

1. Cad iad na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta?
2. Bain amach na lúbíní sna samplaí thíos agus déan cibé athrú is gá:

(ceoltóir) _____ amháin
beirt (freastalaí) _____
triúr (iníon) _____
ceathrar (fear) _____
cúigear (múinteoir) _____
seisear (deartháir) _____
seachtar (aire) _____
ochtár (altra) _____
naonúr (feisire) _____
deichniúr (bean) _____

Ceist 5 Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den tuiseal ginideach iolra a chloiseann tú inti.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cén fáth a mbíonn báid iascaigh in Éirinn agus i Sasana ag cuardach oibríthe ó thíortha eile, dar leat?
2. An obair chrua é a bheith ag obair ar bháid iascaigh cosúil leis na cinn sa mhír, dar leat?
3. An gcreideann tú go gcaitheann na hÉireannaigh go maith le hinimircigh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

faoi chúram an Stáit – *care of the state*
go mídhleathach – *illegally*
tuarastal – *salary*
visa idirthurais – *transit visa*
calafort – *port*
Cónaidhm – *Federation*
ionad coinneála – *detention centre*
ceadúnas – *licence*
an chumhacht – *the power*
dóthain monatóireachta – *enough monitoring*
gníomhaireachtaí stáit – *state agencies*
gáinneáil ar daoine – *human trafficking*
Seirbhísí Cosanta – *Protective Services*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1. Leanann séimhiú an réamhfhocail simplí 'ó'.
2. Nuair a leanann aonad brí cinnte (mí Eanáir) ainmfhocail (deireadh) cuirtear séimhiú ar an aonad brí cinnte agus coinnítear foirm an ainmnigh in áit an ghinidigh.
3. & 4

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Ceist 4

1. Is é an ginideach iolra a leanann na huimhreacha pearsanta, agus séimhítear an t-ainmfhocail a leanann beirt (seachas d, t, s).
2. ceoltóir amháin
beirt fhreastalaithe
triúr iníonacha
ceathrar fear
cúigear múinteoirí
seisear deartháireacha
seachtar airí
ocht ar altraí
naonúr feisirí
deichniúr ban

Ceist 5

'tuarastal na bhfear'
'Cónaidhm Idirnáisiúnta na nOibrithe Iompair'
'úinéirí na mbád'

‘ceadúnais a n-oibrithe’
‘thar ceann na nGardaí’

Ceist 6

Is féidir na foghlaimoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Maolra Mac Donnchadha

Tá ceathrar fear as Gána ar chósta thiar na hAfraice, tugtha faoi chúram an Stáit. Ceaptar gur tugadh isteach sa tír go mídhleathach iad i mí Eanáir, ar an tuiscint go mbeidís ag obair ar bháid iascaigh as an mBreatain. Chaith siad seal ag obair i Ros an Mhíl agus i gcalafoirt eile.

Irene Ní Nualláin

D'éirigh le Joshua Baafi, John Ninson, Noel Adabblah agus James Effirim conradh oibre a fháil leis an gcomhlacht *North Coast Trawlers*, atá lonnaithe in Ard Ghlais i gContae an Dúin agus i mBaile Átha Cliath. Obair bliana a bhí geallta dóibh, £1,000 steirling sa mí¹ an tuarastal a bhí luaite sna conarthaí a bhí acu, agus bhí víosa idirthurais sa mBreatain² acu lena mbealach a dhéanamh chomh fada le calafort Bhéal Feirste.

Ó dheireadh mhí Eanáir, d'oibrigh na fir ar bháid iascaigh i gcalafoirt éagsúla ar fud na tíre – i mBinn Éadair, Dún Mór, Ros an Mhíl agus i gcalafoirt i gContae an Dúin.

Deir na fir gur oibrigh siad 20 uair an chloig gan briseadh go minic. D'íoc an comhlacht tuarastal na bhfear i mí Feabhra agus Márta. Ach ar an 10 Aibreán agus iad ag cur caoi ar bhád i mBinn Éadair, dúradh leo imeacht den bhád agus nach raibh aon obair ann. De bharr gur bhain na conarthaí a bhí acu le *North Coast Trawlers* amháin, ní raibh siad ábalta tuilleadh oibre a lorg.

Chuaigh siad i dteagmháil le Cónaidhm Idirnáisiúnta na nOibríthe Iompair faoina gcás. Tá na fir faoi chúram an stáit ó Dé Aoine, agus iad ag fanacht in Ionad Coinneála Bhaile Seiscinn i mBaile Átha Cliath. Tá ráiteas déanta acu leis na Gardaí faoin méid a tharla.

Deir Ken Fleming ón gCónaidhm gur faoi úinéirí na mbád atá sé ceadúnais a n-oibríthe a lorg, agus ní na hoibríthe féin, rud a fhágann go bhfuil an chumhacht uilig³ ag na húinéirí. Deir sé nach bhfuil dóthain monatóireachta ar bun ag Gníomhaireachtaí Stáit faoin méid atá ar siúl ar bháid iascaigh atá cláraithe sa tír – Bord Iascaigh Mhara, Roinn na Mara agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ina measc.

Idir an dá linn, deir Joshua nach bhfuil uathu ach a gcuid cearta⁴. Deir sé nár bhris siadsan an conradh a bhí acu le *North Coast Trawlers*, agus go bhfuil uafás orthu faoin méid a tharla.

Tá an scéal seo á fhiosrú ag na Gardaí. Deir urlabhraí thar ceann na nGardaí tráthnóna go bhfuil Aonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine ag tabhairt tacaíochta do na fir chomh maith leis an mBiúró Náisiúnta um Sheirbhísí Cosanta⁵.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

¹ Córas Chonnacht

² Córas Chonnacht

³ uile an leagan caighdeánach

⁴ a gcuid cearta a dúradh

⁵ Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta an teideal oifigiúil